Scoil Naithí

**Polasaí Iontrála Scoil Naithí**

**Seoladh na Scoile:Bóthar Átha Leathan, Baile an tSaoir, BÁC 16**

**Uimhir rolla: 19437U**

**Pátrún na Scoile:Ard-Deoise Áth Cliath**

## 1. Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 10 Bealtaine 2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Scoil Naithí leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hIontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d’aon duine a iarrann sin.

## 2. Patrún Scoil: Ardeaspag Caitliceach Baile Átha Cliath

Is bunscoil Chaitliceach chomhdoideachais í Scoil Naithí a bhfuil éiteas Caitliceach aici faoi phatrúnacht an ardeaspaig Baile Átha Cliath

“Éiteas Caitliceach” i comhthéacs bunscoileanna Caitlicigh ciallaíonn éiteas agus spiorad tréith an Eaglais Caitliceach Romhánach, a bhfuil sé mar aidhm aici:

(a) Forbairt iomlán chomhchuí ar gach ghné de phearsa an dalta lena n-áirítear na gnéithe intleachtúla, fisiciúla, cultúrtha, morálta agus spioradálta; agus
(b) Caidreamh beo le Dia agus le daoine eile; agus
(c) Fealsúnacht an tsaoil a spreag creideamh i nDia agus i saol, bás agus aiséirí Íosa; agus
(d) Foirmiú na ndaltaí sa chreideamh Caitliceach

agus go soláthraíonn scoil oideachas reiligúnda do dhaltaí i ngleic le teagaisc, cleachtais agus traidisiún an Eaglais Caitliceach Rómhánach agus/nó pé éiteas agus/nó spiorad tréith de réir mar a chinnfidh Comhdháil Easpaig na hÉireann ó am go chéile.

De réir C.15 (2) (b) den Ácht Oideachais, 1998 seasaigh Bord Bainistíochta Scoil Naithí leis an bPátrún agus beidh siad freagrach as sainspiorad na scoile atá cinntithe tré na luachanna cultúrtha, oideachasúla, mórálta, cráifeacha, sóisialta, teangeolaíochta, spioradálta agus na taidisiúin a chuireann in iúl agus a léiríonn sainspriocanna agus iompraíocht na scoile..

Is Gaelscoil í Scoil Naithí a bhfuil oideachas iomlán an pháiste trí mheán na Gaeilge mar phríomhaidhm aici. Curaclam páiste-lárnach atá i bhfeidhm a aithníonn luach agus éagsúlacht gach páiste agus a chuireann ar a chumas an fhorbairt iomlán is dual dó/di a dhéanamh mar pháiste, agus ina shaol sa tsochaí. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht shuaimhneach a chruthú ina ndéantar cúram d'fhorbairt intleachtúil, fhisiciúil, chultúrtha, mhorálta, spioradálta, shóisialta agus mhothúchánach an pháiste. Spreagtar páistí i ngach gné den chultúr Gaelach—teanga, cluichí, ceol, damhsa agus traidisiúin. Tá rannpháirtíocht agus tacaíocht na dtuistí mar chuid thábhachtach de shaol na scoile.

**Is córas lánthumtha atá i bhfeidhm sa scoil agus ní thosaítear ar an mBéarla a theagasc go dtí go mbíonn an páiste sna Naíonáin Shinsearacha (an 3ú téarma).**

Is scoil aon sraithe do bhuachaillí agus do chailíní í Scoil Naithí. Tá rang amháin againn de gach rang ó Naíonáin Shóisir go Rang a 6. Tá trí mhúinteoir déag ar fhoireann na scoile; ochtar múinteoir ranga, múinteoir breise a dhéanann freastal ar na ranganna ar fad, triúr múinteoirí oideachais speisialta (roinntear duine acu le scoileanna eile) agus príomhoide riaracháin.

Braitheann an scoil go príomha ar acmhainní agus deontais a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil agus feidhmíonn sí laistigh de rialacha na Roinne sin. Is i gcomhthéacs an tsoláthair a dhéanann an Roinn a chuirtear polasaithe na scoile i bhfeidhm. Is iad na cláir churacla mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a leantar sa scoil.

Cuirtear fáilte roimh gach páiste go Scoil Naithí is cuma cén cúlra teanga, sóisialta, náisiúntachta nó creidimh atá acu. Bunaíodh Scoil Naithí le freastal a dhéanamh ar thuismitheoirí an cheantair a bhí ag éileamh bunoideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí.

Aithnítear cearta tuismitheoirí a bpáistí a chlárú ina rogha scoile, ach tá Bord Bainistíochta Scoil Naithí freagrach freisin as cearta phobal na scoile trí chéile, agus go háirithe cearta pháistí na scoile atá cláraithe cheana féin. Éilíonn sé seo

breith chóir chothrom faoi réir ag prionsabail an dlí nádúrtha ag cur leas na bpáistí ar fad san áireamh. Ag tacú leis an scoil i gcúinsí den chineál seo tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid na bpáistí in aon rang ar leith a leagadh síos.

## 3. Ráiteas maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Scoil Naithí idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

(a) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(b) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(c) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(d) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(e) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(f) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(g) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(h) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
(i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar ‘foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

***Comhoibreoidh Scoil Naithí leis an CNOS i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid. Comhlíonfaidh Scoil Naithí le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord nó ar an bpátrún faoi alt 37A agus 67(4)(b).***

**Gach scoil shainchreidmheach**
Is scoil í Scoil Naithí arb é an cuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna reiligiúnacha áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás nuair a dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach Caitliceach é/í agus cruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

## *4. Riachtanaisí oideachais speisialta*

Cé nach bhfuil rang speisialta ag Scoil Naithí faoi láthair, tá ár scoil tiomanta d’uileghabhálacht, ach go háirithe i gcás clárú páistí le riachtanaisí oideachais speisialta.

## 5. Daltaí a Ligean Isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)

b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin.

**Scoileanna Iarbhunoideachais Sainchreidmheacha**
Is scoil Chaitliceach í Scoil Naithí agus féadfaidh sí diúltú glacadh le duine nach dalta de reiligiún Caitliceach é/í sa chás go gcruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

## 6. Ró-éileamh

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

1. do shiblíní le dalta atá ag freastal ar an scoil nuair atá na háiteanna á ndáileadh
2. Páistí sa cheantar a bhfuil leibhéal líofachta bainte amach acu sa Ghaeilge atá ar leibhéal a mbeifear ag súil leis dá mbeadh na teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois na pháiste agus aon riachtanais bhreise oideachais san áireamh, agus gur dhócha go rachadh líofacht na pháiste ar gcúl mura bhfaighidís áit as scoil lán-Ghaeilge (tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí fianaise na líofachta sin a soláthar mar chuid de na céimeanna leagtha thíos)**
3. páiste le baill foirne atá buan sa scoil
4. siblíní de phásite a d'fhreastail ar an scoil roimhe seo
5. páistí eile sa cheantar

Sa chás go bhfuil beirt daltaí nó níos mó ceangailte le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), beidh feidhm ag na socruithe a leanas:

- Sa chás go mbíonn níos lú áiteanna ar fáil i **gcatagóir 1** (siblíní) ná mar atá ainmneacha ar an liosta, is de réir dáta breithe a dháilfear na háiteanna. Cuirfear páistí sa chatagóir seo nach bhfaigheann áit sa bhliain chuí san áireamh an bhliain dar gcionn agus áiteanna a ndáileadh, sé sin ní bhainfidh an teorann aoise leo.
- Sa chás go mbíonn níos lú áiteanna ar fáil **i gcatagóirí 2-5** ná mar atá ainmneacha ar an liosta, is ar bhonn chrannchuir a dháilfear na háiteanna.

- Sa chás go mbíonn áiteanna gan líonadh tar éis do na páistí atá san aicme aoise cuí tairiscint ar áit a fháil, féadfar áit a thairiscint do pháistí a chuir iarratas isteach don bhliain dar gcionn de réir dáta breithe.

Glacfar le páistí i rang na Naíonáin Sóisearach atá ceithre bliana d'aois roimh nó ar an 31ú Márta sa bhliain ina dtosnaíonn siad ar an scoil agus nach bhfuil an cúig bliana * sroichte acu ar an dáta céanna ach amháin i gcás páistí i gcatagóir 1 thíos nach bhfuair tairiscint ar áit an bhliain roimhe sin.
*Níl páistí atá cúig bliana d'aois roimh nó ar an 31ú Márta sa bhliain ina dtosnaíonn siad ar an scoil incháilithe. Ach amháin go bhfuil spásanna fós ann, is féidir sa chás sin amháin páiste a ghlacadh ón gcéad liosta eile.

**Tabhair faoi deara: sa chás gur mian le tuismitheoirí go n-aireofaí a bpáiste mar pháiste sa chatagóír 2 thuas, beidh rannóg de cheisteanna ar an bhfoirm iarratais mar chéim 1 den phróiseas iontrála mar a bhaineann le líofacht na Gaeilge.

Sa chás go léiríonn an t-iarratasóir go sásaíonn siad na critéir i gcatagóir 4 (céim 1) tabharfar cuireadh don tuismitheoir fianaise a chur ar fáil mar chuid de chéim 2 chun an líofacht sin a léiriú d'ionadaithe an Bhord Bainistíochta.

Céim 2: Glacfar le físeán nó is féidir leis an tuismitheoir cruinniú a eagrú leis an scoil má theastaíonn uathu chun an fhianaise a léiriú d'ionadaithe an Bhord Bainistíochta. Leagfar critéir amach roimh réidh chun an fhianaise sin a mheas, i gcás cruinnithe nó físeáin. Ní ghlacfar le fianaise i scríbhinn amháin.

Muna nglactar leis an bhfianaise ag céim 1 nó 2 thuas, cuirtear an páiste i gcatagóir na n-iarratasóirí eile. Ní mór iarriadh ar an mbord bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sa chás go diúltaítear áit don pháiste roimh achomharc i scríbhinn a dhéanamh chuig an mbord bainistíochta faoi Alt 29.

## 7. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

Ní mór do scoileanna pointí (a) go (g) a chuimsiú anseo.

(a) freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí

(b) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;

(c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta;

(d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta;

(e) ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;

(f) ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin;

(seachas, i gcás na scoile ar mian léi critéir roghnúcháin a chur san áireamh bunaithe ar (1) deartháireacha nó deirfiúracha dalta a fhreastalaíonn ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil agus/nó (2) tuismitheoirí nó seantuismitheoirí dalta a d'fhreastail ar an scoil.

Maidir le (2) tuismitheoirí agus seantuismitheoirí, ní fhéadfaidh scoil na critéir sin a chur i bhfeidhm ach ar uasmhéid de 25% de na spásanna atá ar fáil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile).

(g) an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála,

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

## 8. Cinntí ar iarratais

Béidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Scoil Naithí bunaithe ar na nithe a leanas:

- Polasaí iontrála na scoile
- Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);
- An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil;

(Féach alt 13 thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus alt 14 thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach.)

Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

## 9. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfear na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach alt 17 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

## 10. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Scoil Naithí ní mór duit an méid a leanas a léiriú—

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den tsórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.

(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

## 11. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó a tharraingt siar

Ní féidir le Scoil Naithí tairiscint iontrála a dhéanamh ná a tharraingt siar sna cásanna a leanas —
(i) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
(ii) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
(iii) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
(iv) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 10 thuas.

## 12. Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

(i) go bhfuil iarratas don scoil faighte

(ii) go bhfuil taircscint spáis don scoil tugtha nó

(iii) gur glacadh le tairscint spáis don scoil

Féadfaí ceann amháin nó gach ceann a bheith ar an liosta:

(i) an dáta go bhfuair an scoil iarratas;

(ii) an dáta go ndearna an scoil ofráil ar spás don scoil;

(iii) an dáta gur ghlac an t-iarratasóir leis an ofráil spáis ón scoil;

(iv) sonraí pearsanta an dalta ainm, seoladh, dáta breithe, agus uimhir seirbhísí poiblí pearsanta san áireamh (de réir Alt 262 den Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005).

## 13. Liosta feithimh i gcás ró-iarratais

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Scoil Naithí mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Scoil Naithí san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

## 14. Iarratais Dhéanacha

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil de réir pholasaí iontrála ár scoile, de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

Cuirfear iarratasóirí déanacha ar an eolas maidir leis an gcinneadh atá déanta i leith an iarratais a sheol siad taobh istigh de trí sheachtain ón dáta a bhfaigheann an scoil an t-iarratas. Ofrálfar áit d'iarratasóirí déanacha má tá spás ar fáil. Sa chás nach bhfuil spás ar fáil cuirfear ainm an iarratasóra leis an liosta feithimh leagtha amach i gcuid 13

## 15. Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile.

Is féidir glacadh le páiste ón gceantar i ranganna seachas na Naíonáin Shóisearacha. Cuirfear clárúchán iomlán na scoile agus líon na bpáistí sa rang san áireamh agus an cinneadh á dhéanamh.

**Is leis an mBord Bainistíochta amháin an cinneadh glacadh nó gan glacadh le páiste i rang ar bith seachas rang na Naíonáin Sóisearach.**

Is de réir na gcritéar seo a leanas a dhéanfar an cinneadh:

- an páiste a bheith ag bogadh isteach i gceantar na scoile agus seoladh sa cheantar acu.
- spás a bheith ar fáil sa rang atá i gceist – ach an cinneadh deirneach ag an mBord
- an dalta a bheith ag aistriú ó Ghaelscoil eile nó ó scoil Ghaeltachta nó Gaeilge líofa a bheith ag an bpáiste nó má shíleann an Príomhoide/Bord Bainistíochta cumas Gaeilge an pháiste a bheith sásúil.

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí ar mian leo a gcuid páistí a chlárú i ranganna seachas rang na Naíonáin Sóisearach iarratas i scríbhinn maraon le foirm chomhlánaithe a chur chuig Bord Bainistíochta na scoile. Cuirfear dátstampa ar an bhfoirm nuair a fhaigheann an scoil í.

Cuirfear na hiarratais ar liosta feithimh de réir an dáta ar a bhfaightear an fhoirm. Fanfaidh na hiarratais ar an liosta feithimh go dtí an *cúigiú lá déag* de mhí Mheán Fómhair dar gcionn.
Caithfear iarratas nua a dhéanamh roimh/ar an dáta sin leis an áit ar an liosta feithimh a choinneáil.

Is iad seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha sa scoil cheana féin, **tar éis thús na scoilbhliana** ina lorgaítear an cead isteach.
Is féidir glacadh le páiste ón gceantar i ranganna seachas na Naíonáin Shóisearach. Cuirfear clárúchán iomlán na scoile agus líon na bpáistí sa rang san áireamh agus an cinneadh á dhéanamh.

**Is leis an mBord Bainistíochta amháin an cinneadh glacadh nó gan glacadh le páiste i rang ar bith seachas rang na Naíonáin Sóisearach.**

Is de réir na gcritéar seo a leanas a dhéanfar an cinneadh:

- an páiste a bheith ag bogadh isteach i gceantar na scoile agus seoladh sa cheantar acu.
- spás a bheith ar fáil sa rang atá i gceist – ach an cinneadh deirneach ag an mBord
- an dalta a bheith ag aistriú ó Ghaelscoil eile nó ó scoil Ghaeltachta nó Gaeilge líofa a bheith ag an bpáiste nó má shíleann an Príomhoide/Bord Bainistíochta cumas Gaeilge an pháiste a bheith sásúil.

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí ar mian leo a gcuid páistí a chlárú i ranganna seachas rang na Naíonáin Sóisearach iarratas i scríbhinn maraon le foirm chomhlánaithe a chur chuig Bord Bainistíochta na scoile. Cuirfear dátstampa ar an bhfoirm nuair a fhaigheann an scoil í.
Cuirfear na hiarratais ar liosta feithimh de réir an dáta ar a bhfaightear an fhoirm

## 16. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Baineann an riail seo le gach scoil.

Ní ghearrfaidh bord Scoil Naithí ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgóidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

(a) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó
(b) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

## 17. Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

Ní mór do scoileanna a chuireann teagasc reiligiúnach ar fáil do dhaltaí an chuid seo a chomhlánú.

| |
|---|
| Seo a leanas socruithe na scoile do dhaltaí, sa chás gur iarr na tuismitheoirí, nó i gcás go bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe ag an dalta, a d'iarr go bhfreastalódh an dalta ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil. Ní bheidh laghdú ar lá scoile na ndaltaí sin mar thoradh ar na socruithe sin.<br><br>Ba chóir iarratas scríofa a chuir ag Príomhoide na scoile. Eagrófar cruinniú ansin leis an tuismitheoir(í), chun plé a dhéanamh ar an mbealach gur féidir leis an scoil freastal ar an iarratas. |

## 18. An ceart chun athbhreithnithe/achomhairc

**Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta**

Féadfaidh tuismitheoir dalta a iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den chineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den chineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

**Tabhair faoi deara:** Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

**Ceart achomhairc**

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir dalta, achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an AIre Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomharc den chineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

**Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúchán.**